Cia re a n-éagónainn m’easbhaidh?

[Carney, James: *Poems on the Butlers: of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)*, Dublin, 1945, poem 10]

Giolla Brighde Mac Bruaideadha .cc.

1 Cia re a n-égónainn m’easbhaidh
d’fhuil Briain na mbrugh mbláithsheasgair,
d’Fhine Róigh nó Néill náraigh?
béim ní cóir ar compánaibh.

2 Caidhe a Mumhain na múr tte
nó a gcríochaibh leabhra Life
aoinneach risin dán do dhíol
a gclár dhaoineach na ndeighríogh?

3 Acht triath na Cathrach caoimhe
caidhe a nÉirinn fhérnaoidhe
duine do-bhéradh lámh linn
dán do dhénamh dá ndlighinn?

4 Teabóid Builtér, croidhe caoin,
fhóirfeas ar n-easbhaidh d’éntaoibh,
damh ré do réir a aicme,
’s é don chléir is comairce.